Foirm Iarratais ar Dheontas do Mhic Léinn 2011/12

Tábla um Shócmhainní agus Cearta a Dhíol

Cé ba chóir an tábla seo a líonadh isteach?

Más rud é gur dhíol tusa, do thuismitheoir(í), do chaomhnóir dlí, do chéile, do pháirtí sibhialta nó comháitritheoir, mar is cuí, sócmhainní nó cearta ar bith sa bhliain 2010 (ach amháin na heisceachtaí sa liosta seo thíos) nó más rud é gur dhíol tú cuóta bainne, caithfidh tú an tábla seo a líonadh isteach, ag cur síos ar an bhfáltas nó ar an gcaillteanas. Líon isteach tábla amháin in aghaidh gach díolachán sa bhliain 2010.

Is í an tsuim atá le cur isteach do gach díolachán ná an fíor-fháltas nó caillteanas, ríofa sa tábla seo, roinnte ar líon na mblianta a raibh an sócmhainn nó ceart i seilbh. Is féidir caillteanais ag éirí as díolachán sócmhainne a fhritháireamh in aghaidh gach foinse ioncaime eile sa tréimhse thagartha.

Caithfidh tú sonraí a thabhairt ar na fáltais agus caillteanais ar fad ar dhíol sócmhainní nó cearta, cibé an raibh díolúine acu ó do Cháin Fáltas Caipitiúil na hÉireann nó a choibhéis thar lear.

Is iad seo a leanas na heisceachtaí:

- Príomháit chónaithe phríobháideach a dhíol ach amháin nuair a léiríonn an praghas díolacháin luach forbartha.
- I gcás mic léinn neamhspleách aibí:
  – díolacháin idir an iarratasóir agus a c(h)eile, p(h)áirtí sibhialta nó comháitritheoir,
  – díolacháin ón iarratasóir nó céile chuig a leanaí spleácha
- I gcás na n-iarratasóiri eile ar fad:
  – díolacháin idir tuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí;
  – díolacháin ó thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí chuig an iarratasóir;
  – díolacháin ó thuismitheoir(í) nó caomhnóir dlí chuig a leanaí spleácha.

Nótaí tábhachtacha le meabhrú agus an tábla seo á líonadh isteach:

- Is í an tsuim atá le cur isteach san ioncam ináirithe do gach díolachán ná an fíor-fháltas nó caillteanas, roinnte ar líon na mblianta a raibh an sócmhainn nó ceart i seilbh.
- Ba chóir go gcuimseodh bunchostas costais teagmhasacha, mar shampla, lastas agus mar sin de.
- Is é an praghas díolacháin an t-ollphraghas díolacháin, nó mas rud é nach bhfuil an idirbheartaíocht ar neamhchomaoin, luach an mhargaidh. Má tá luach an mhargaidh in úsáid, cuir an bloclitir M i ndiaidh an fhigiúir atá curtha isteach do Phraghas an Díolacháin.
- Áiríonn costais teagmhasacha díolacháin costais ar nós fógraíochta agus coimisiún díolacháin.
- Ba chóir blianta i seilbh a shlánú don bhliain iomlán is gaire.
- Ní cheadaítear innéacsú costais do chúiseanna ioncaim ináirithe.

Caithfidh tú an tábla comhlánaithe seo a chur ar ais mar fhianaise dhoiciméadach le d'fhoirm iarratais ar dheontas do mhic léinn chuig d'údarás áitiúil nó CGO.

NDP
Plean Forbartha Náisiúnta
Athrú Mór ar Éirinn

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Tábla

Tábla um Shócmhainní agus Cearta a Dhíol

Tabhair sonraí ar **Shócmhainn nó Ceart a Dhíol**

Cé a dhíol an sócmhainn nó an ceart		
Cur síos ar an sócmhainn nó an ceart		
Dáta an díolacháin	**A**	L L M M B B B B
Dáta na fála	**B**	L L M M B B B B
Bunchostas	**C**	€
Caiteachas feabhsúcháin	**D**	€
Costas iomlán	**E (C+D)**	€
Praghas díolacháin	**F**	€
Costais teagmhasacha díolacháin	**G**	€
Glanphraghas díolacháin	**H (F-G)**	€
Fáltas/(Caillteanas) ar dhíolachán	**I (H-E)**	€
Líon na mblianta i seilbh	**J (A-B)**	bliana
Fáltas/(caillteanas) ináirithe	**K (I/J)**	€

Tabhair sonraí maidir le **Cuóta Bainne a Dhíol**

Cé a dhíol an cuóta bainne		
Dáta an díolacháin	**A**	L L M M B B B B
Dáta na fála	**B**	L L M M B B B B
Cúiteamh cuóta	**C**	€
Bunchostas na talún ar fad	**D**	€
Luach laghdaithe na talún ar fad	**E**	€
Codán na talún a díoladh	**F (C/(E+C))**	€
Costas an chodáin a díoladh	**G (D*F)**	€
Fáltas/(Caillteanas) ar dhíolachán	**H (C-G)**	€
Líon na mblianta i seilbh	**I (A-B)**	bliana
Fáltas/(caillteanas) ináirithe	**J (H/I)**	€